Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Lúnasa 2020**
**(OR. en)**

**10102/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0167(NLE)**

**ENV 458**
**COMER 74**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Lúnasa 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 362 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tograí a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Iarscríbhinn IV a ghabhann le Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt ag féachaint don 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe, agus maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh maidir le tograí Páirtithe eile chun Iarscríbhinn IV agus iarscríbhinní eile a leasú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 362 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 362 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.8.2020
COM(2020) 362 final

2020/0167 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tograí a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Iarscríbhinn IV a ghabhann le Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt ag féachaint don 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe, agus maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh maidir le tograí Páirtithe eile chun Iarscríbhinn IV agus iarscríbhinní eile a leasú**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le Cinneadh ón gComhairle maidir le moltaí a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Iarscríbhinn IV a ghabhann le Coinbhinsiún Basel a leasú, ag féachaint don 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le rialú gluaiseachtaí trasteorann dramhaíolacha guaiseacha agus a ndiúscairt (CoP-15). Tá sé beartaithe go mbeidh Comhdháil na bPáirtithe ann ón 19 go dtí an 30 Iúil 2021. Cumhdaítear leis an togra seo seasamh caibidlíochta an Aontais maidir le leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na hiarscríbhinní ábhartha arna moladh ag na Páirtithe eile.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt

Glacadh Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt ("an Coinbhinsiún") an 22 Márta 1989 agus tháinig sé i bhfeidhm in 1992. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún[1]. Tá 187 bPáirtí faoi cheangal an Choinbhinsiúin anois.

Tá feidhm ag ceanglais an Choinbhinsiúin maidir le dramhaíl ghuaiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 1 agus mar a liostaítear in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus tá feidhm acu freisin maidir le dramhaíl eile a liostaítear in Iarscríbhinn II lena n-áirítear dramhaíl a bhailítear ó theaghlaigh, iarmhair a eascraíonn as loisceadh dramhaíola tí agus ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh, cineálacha áirithe dramhaíl plaisteach. Sa Choinbhinsiún freisin liostaítear in Iarscríbhinn IX iontrálacha dramhaíola nach bhfuil faoi réir cheanglais an Choinbhinsiúin mura bhfuil méid ábhair sa dramhaíl a bhaineann le catagóir in Iarscríbhinn I agus as a dtagann saintréith ghuaiseach a liostaítear in Iarscríbhinn III. Liostaítear dramhaíl leictreach agus leictreonach atá guaiseach in Iarscríbhinn VIII (iontráil A1180) agus mura bhfuil sí guaiseach, liostaítear in Iarscríbhinn IX í (iontráil B1110). Ní áirítear in Iarscríbhinn II aon iontráil le haghaidh dramhaíl leictreach agus leictreonach.

In Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún liostaítear agus sonraítear na hoibríochtaí bainistithe dramhaíola a meastar a bheith ina'ndiúscairt' de réir shainmhínithe an téarma seo in Airteagal 2(4) den Choinbhinsiún. Sa Choinbhinsiún, cumhdaítear leis an téarma 'diúscairt' idir oibríochtaí diúscartha deiridh amhail líonadh talún agus loisceadh (a liostaítear in Iarscríbhinn IVA), agus oibríochtaí aisghabhála amhail athchúrsáil agus oibríochtaí aisghabhála eile (a liostaítear in Iarscríbhinn IVB).

Is é an fáth a bhfuil an liostáil in Iarscríbhinn IV tábhachtach, nach meastar a bheith ina 'ndramhaíolacha' ach 'substaintí nó réada a ndéanfar iad a dhiúscairt nó a bhfuil sé beartaithe iad a dhiúscairt nó nach mór iad a dhiúscairt' mar a sainmhínítear iad in Airteagal 2(1) den Choinbhinsiún, agus ciallaíonn 'diúscairt' "aon oibríocht a shonraítear in Iarscríbhinn IV". Níl feidhm ag ceanglais an Choinbhinsiúin ach i dtaobh oibríochtaí diúscartha a liostaítear in Iarscríbhinn IV. Dá bhrí sin, ba cheart a chumhdach leis an Iarscríbhinn sin gach oibríocht bainistithe dramhaíola a tharlaíonn nó a d'fhéadfadh tarlú i gcleachtas, cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar iad i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó idirnáisiúnta nó cibé acu a mheastar nó

[1] Cinneadh 93/98/CEE ón gComhairle maidir le conclúid, thar ceann an Chomhphobail, i dtaca le Coinbhinsiún Basel den 22 Márta 1989 maidir le rialú gluaiseachtaí trasteorann dramhaíolacha guaiseacha agus a ndiúscairt IO L 39, 16.2.1993, lch. 1.

nach meastar go bhfuil siad fónta ó thaobh an chomhshaoil de. Murab amhlaidh an cás, chruthódh sé bealaí éalaithe i ndáil le ceanglais an Choinbhinsiúin.

Is iad seo a leanas príomhcheanglais an Choinbhinsiúin:

- Toirmeasc onnmhairiúcháin ó thíortha ECFE go tíortha nach tíortha ECFE iad[2] ar dhramhaíl a liostaítear mar ghuaiseach í in Iarscríbhinn VIII, agus
- Córas rialúcháin (an "nós imeachta PIC") le haghaidh onnmhairiú, allmhairiú agus idirthuras dramhaíola a liostaítear mar dhramhaíl ar gá aird ar leith a thabhairt uirthi in Iarscríbhinn II nó mar dhramhaíl ghuaiseach in Iarscríbhinn VII ach nach bhfuil faoi réir an toirmisc onnmhairiúcháin. Ciallaíonn nós imeachta PIC go dtabharfar fógra roimh ré faoi onnmhairí d'údaráis inniúla na Stát allmhairithe agus idirthurais. Is é an Stát onnmhairíochta a thabharfaidh an fógra agus d'fhéadfadh sé go dteastódh gineadóirí nó onnmhaireoirí ón Stát sin chun fógraí den chineál sin a thabhairt trína údarás inniúil. Is i scríbhinn a thabharfar na fógraí ina mbeidh na dearbhuithe agus an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn V A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Ní féidir le honnmhairiú dramhaíola dul ar aghaidh ach i gcás ina bhfuil cead i scríbhinn tugtha ag na Stáit uile lena mbaineann. (Airteagal 6 den Choinbhinsiún).

## 2.2. Comhdháil na bPáirtithe

Is í Comhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel príomhchomhlacht cinnteoireachta an Choinbhinsiúin. Tá cumhachtaí aici Iarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú agus tagann sí le chéile gach dara bliain.

Is ag an 12ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (CoP-12) agus le cinneadh BC-12/1[3] a tionscnaíodh Iarscríbhinní I, III, IV agus gnéithe gaolmhara d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a athbhreithniú.

Socraíodh ag an 13ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (CoP-13) grúpa oibre saineolaithe (GOS) a bhunú chun na hiarscríbhinní thuasluaite a athbhreithniú, grúpa a mbeidh 50 comhalta ann agus iad ainmnithe ó Pháirtithe ar bhonn ionadaíocht chothrom ó thaobh limistéar geografaíochta ar na cúig ghrúpa réigiúnacha de na Náisiúin Aontaithe. Is iad an Coimisiún, an Eastóin, an Ghearmáin, an Ísiltír, agus an Pholainn rannpháirtithe GOS ón Aontas agus ó na Ballstáit. Rinneadh aighneachtaí i scríbhinn agus ionchuir ó bhéal a chomhordú sa Mheitheal um Shaincheisteanna Idirnáisiúnta Comhshaoil de chuid na Comhairle (WPIEI). Chomhaontaigh CoP-13 gur cheart do GOS tosaíocht níos airde a thabhairt don obair ar Iarscríbhinn IV agus do ghnéithe gaolmhara d'Iarscríbhinn IX. Le linn na tréimhse 2017 go dtí 2019, chuir an tAontas agus na Ballstáit réamhthograí faoi bhráid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin agus GOS maidir le leasuithe ar Iarscríbhinn IV.

Le linn an 14ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (CoP-14) le cinneadh BC-14/16, cuireadh síneadh ama le sainordú GOS chun an dá iontráil atá ann cheana le haghaidh dramhaíl leictreach agus leictreonach a athbhreithniú freisin, i.e. iontráil B1110 in Iarscríbhinn IX agus iontráil chomhionann A1180 in Iarscríbhinn VIII chomh maith le himpleachtaí iarmhartacha an athbhreithnithe ar Iarscríbhinní I, III agus IV le haghaidh

---

2 Le hAirteagal 4A den Choinbhinsiún a tháinig i bhfeidhm i mí na Nollag 2019 toirmisctear na gluaiseachtaí trasteorann dramhaíolacha guaiseacha a chumhdaítear faoin gCoinbhinsiún ó gach Páirtí a áirítear in Iarscríbhinn VII (Páirtithe agus Stáit eile ar baill de ECFE, AE, Lichtinstéin iad) go dtí Stáit nach n-áirítear in Iarscríbhinn VII.

3 Tá níos mó faisnéise ar fáil ar shuíomh gréasáin Choinbhinsiún Basel, féach http://www.basel.int/Implementation/LegalMatters/LegalClarity/ReviewofAnnexes/AnnexesI,III,IVandrelatedaspectsofAnnexes/tabid/6269/Default.aspx

iarscríbhinní eile a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus le haghaidh cinntí ábhartha Chomhdháil na bPáirtithe. Le cinneadh BC-14/16, d'iarr CoP-14 ar GOS leanúint ar aghaidh lena chuid oibre mar seo a leanas: déanfar tograí le haghaidh leasuithe a chaibidliú agus d'fhéadfadh sé go nglacfaí leo ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (CoP-15) i dtaca le hIarscríbhinní IV, VIII (A1180) agus IX (B1110).

D'eisigh GOS roinnt moltaí agus roghanna le go mbreithneoidh Páirtithe iad i gcás inar mhaith leo tograí a chur faoi bhráid CoP-15. Is é an 4 Nollaig 2020 an spriocdháta atá socraithe ag Rúnaíocht Choinbhinsiúin Basel i leith moltaí a chur isteach d'fhonn iarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú, agus é á thabhairt san áireamh gur cuireadh siar Comhdháil na bPáirtithe ó mhí na Bealtaine go dtí mí Iúil 2021.

Is é is aidhm do na tograí tuairiscithe na n-oibríochtaí diúscartha a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú agus a shoiléiriú. Má ghlactar leis na tograí, beidh feabhas ar shoiléireacht dhlíthiúil agus dá bhrí sin, déanfar rialuithe loingsithe dramhaíola agus an cosc ar loingsithe neamhdhleathacha a éascú. Tacóidh siad freisin le bainistiú dramhaíola atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de ar an leibhéal domhanda agus rannchuideoidh siad leis an aistriú i dtreo geilleagair chiorclaigh dhomhanda.

Chuir an tAontas agus na Ballstáit chun cinn réamhthograí chuig Rúnaíocht an Choinbhinsiúin agus chuig GOS le linn na tréimhse 2017 go dtí 2019, réamhthograí a bhaineann leis an liosta d'oibríochtaí diúscartha in Iarscríbhinn IV. Pléadh na tograí sin le Páirtithe eile atá rannpháirteach in GOS. Pléadh freisin in GOS moltaí i dtaca le haicmiúcháin maidir le dramhaíl leictreach agus leictreonach in Iarscríbhinní VIII agus IX.

Má ghlactar leasuithe ag CoP-15 ní mór iad a chur chun feidhme i dtreoir réime dramhaíola an Aontais 2008/98/CE[4] (an liosta d'oibríochtaí bainistithe dramhaíola a fhreagraíonn d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún) agus rialachán an Aontais maidir le loingsiú dramhaíola 1013/2006[5] (na hiontrálacha sonracha le haghaidh dramhaíl leictreach agus leictreonach a fhreagraíonn d'Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann leis an gCoinbhinsiún).

2.3. An gníomh atá beartaithe

Moltar an méid seo a leanas le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle:

Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú i ndáil leis an réamhrá ginearálta, na teidil agus an téacs réamhráiteach d'fhonn idirdhealú a dhéanamh idir na téarmaí "diúscairt dheiridh" agus "aisghabháil" agus míniú a thabhairt orthu d'fhonn a shoiléiriú go gcumhdaítear gach oibríocht bainistithe dramhaíola.

D'fhonn na tuairiscí d'oibríochtaí bainistithe dramhaíola a uasdátú agus a shoiléiriú in Iarscríbhinn IV agus d'fhonn a áirithiú go gcumhdófar le ceanglais an Choinbhinsiúin gach oibríocht, lena n-áirítear idiroibríochtaí.

I bprionsabal, agus faoi réir comhordú ar an láthair, cumhdaítear freisin leis an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle, seasamh caibidlíochta an Aontais i gcás ina molfaidh Páirtithe eile leasuithe breise ar na hiarscríbhinní ábhartha. D'fhéadfadh sé go mbeadh baint ag tograí den chineál sin leis an liosta d'oibríochtaí bainistithe dramhaíola in Iarscríbhinn IV agus leis na hiontrálacha le haghaidh dramhaíl leictreach agus leictreonach atá faoi láthair in

---

4 Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl, mar a leasaíodh í, IO L 312, 22.11.2008, lch. 3.

5 Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola, mar a leasaíodh é, IO L 190, 12.7.2006, lch. 1.

Iarscríbhinn VIII agus IX agus d'fhéadfaí iad a chur san áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

Ní mór na modhnuithe ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a chur chun feidhme trí leasuithe ar Threoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 1013/2006. I dTreoir 2008/98/CE tá an liosta d'oibríochtaí bainistithe dramhaíola a fhreagraíonn d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus san áireamh i Rialachán 1013/2006 tá na hiontrálacha sonracha le haghaidh dramhaíl leictreach nó leictreonach a fhreagraíonn d'Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

Braithfidh na hathruithe d'oibritheoirí agus d'údaráis i dtaca le honnmhairí ón Aontas Eorpach ar na cineálacha athruithe a d'fhéadfaí a chinneadh (go háirithe cé na hIarscríbhinní a leasófar faoi dheireadh), ar an gcineál dramhaíola agus ar na tíortha cinn scríbe.

Ní bheidh iarmhartaí díreacha ag leasuithe ar Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hallmhairí ná le loingsithe eile dramhaíola ach soiléireofar leo an tuairisc ar oibríochtaí bainistithe dramhaíola atá le comhlíonadh tar éis loingsiú na dramhaíola. Éascófar leis sin rialuithe ar loingsithe dramhaíola a dhéanann na húdaráis agus cabhróidh sé leo ceanglais an Choinbhinsiúin a chur i bhfeidhm d'fhonn loingsithe neamhdhleathacha a chosc. Tacóidh sé freisin le bainistiú atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de ar an leibhéal domhanda agus rannchuideoidh sé leis an aistriú i dtreo geilleagair chiorclaigh dhomhanda.

A mhéid a chuirfear catagóirí breise de dhramhaíl leictreach agus leictreonach in Iarscríbhinn II nó VIII a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, agus má leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1013/2006 dá réir, cuirfear toirmeasc ar allmhairí dramhaíola den chineál sin ón Aontas Eorpach go dtí tíortha nach tíortha ECFE iad faoi Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1013/2006. I bprionsabal, níor mhór d'allmhairí den chineál sin dramhaíola laistigh de ECFE nós imeachta PIC a leanúint. Ina theannta sin, is é an toradh a bheadh ar chur chun feidhme na leasuithe ar an gCoinbhinsiún go Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 go mbeadh loingsithe dramhaíola laistigh den Aontas lena n-áirítear loingsithe a rinneadh le déanaí in Iarscríbhinní II nó VIII de Choinbhinsiún Basel faoi réir an nós imeachta fógartha, i gcomhréir le hAirteagal 3(1)(b)(i) de Rialachán 1013/2006.

An nós imeachta le haghaidh iarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú, is faoi rialú Airteagail 17 agus 18 den Choinbhinsiún atá sé. Go háirithe, aon leasú a mholtar, ní mór do Pháirtí é a mholadh agus ní mór don Rúnaíocht é a chur in iúil do gach Páirtí ar a laghad sé mhí roimh chruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe. Ina theannta sin, ní mór go nglacfar aon leasú den sórt sin ag cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 18 (2) (v) den Chomhaontú, lena bhforáiltear: "Sé mhí tar éis dháta chúrsaíochta theachtaireacht an Taiscí, beidh éifeacht ag an iarscríbhinn ar gach Páirtí sa Choinbhinsiún nó ar aon phrótacal lena mbaineann nach bhfuil fógra curtha isteach acu i gcomhréir le foráil fhomhír (b) thuasluaite".

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Ní mór don Aontas tograí a chur isteach i dtaca le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun:

- Iarscríbhinn IV a leasú chun réamhrá ginearálta a chur isteach lena ndéanfar idirdhealú soiléir idir na téarmaí "diúscairt deiridh" agus "aisghabháil", soiléiriú a dhéanamh go gcumhdófar gach oibríocht bainistithe dramhaíola a tharlaíonn nó a d'fhéadfadh tarlú i gcleachtas cibé stádas dlíthiúil atá aici agus cibé acu a mheastar nó nach meastar go bhfuil siad fónta ó thaobh an chomhshaoil de, agus freisin go

gcumhdófar gach oibríocht a tharlaíonn roimh oibríochtaí eile ("oibríochtaí idirthréimhse").

- Iarscríbhinn IV a leasú chun teidil agus téacsanna réamhráiteacha a chur isteach, téacsanna a mhíníonn cad is ciall le hoibríochtaí neamh-aisghabhála (Iarscríbhinn IVA) agus oibríochtaí aisghabhála (Iarscríbhinn IVB), agus
- Iarscríbhinn IV a leasú maidir le hoibríochtaí atá ann faoi láthair agus oibríochtaí nua a thabhairt isteach in Iarscríbhinn IV, agus é d'aidhm aici, *inter alia*, tuairiscí d'oibríochtaí a uasghrádú agus a shoiléiriú i gcomhréir le forbairtí eolaíochta, teicniúla agus eile, forbairtí a tharla ó glacadh an Coinbhinsiún in 1989 agus chun áirithiú, trí fhorálacha uileghabhálacha a thabhairt isteach, go gcumhdófar le ceanglais an Choinbhinsiúin gach oibríocht nach luaitear go sonrach.

Is iad seo a leanas cuspóirí na dtograí thuasluaite:

- A áirithiú go mbeidh sásraí rialaithe iomchuí an Choinbhinsiúin iomlán infheidhme agus, dá bhrí sin, dá nglacfaí iad, go bhfeabhsóidh siad rialuithe loingsithe dramhaíola agus go ndéanfadh siad toirmeasc loingsithe neamhdhleathacha a éascú,
- Feabhas a chur ar shoiléireacht dhlíthiúil agus ar thuiscint agus léirmhíniú coiteann i dtaca le hoibríochtaí bainistithe dramhaíola na bPáirtithe, agus
- Tacú le bainistiú dramhaíola ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de ar an leibhéal domhanda agus rannchuidiú leis an aistriú i dtreo geilleagair chiorclaigh dhomhanda.

I gcás ina ndéanfaidh Páirtithe eile leasuithe ar na hiarscríbhinní ábhartha a mholadh, leasuithe a d'fhéadfadh na cuspóirí céanna a bhaint amach leis na cinn a bhaineann le togra an Aontais, d'fhéadfadh an tAontas, i bprionsabal, tacú leis na moltaí sin. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh sé sin leis an liosta d'oibríochtaí in Iarscríbhinn IV agus leis na hiontrálacha le haghaidh dramhaíl leictreach agus leictreonach atá faoi láthair in Iarscríbhinn VIII (A1180) agus IX (B1110) agus d'fhéadfadh sé freisin go mbainfeadh sé le hiontrálacha nua a mholtar le haghaidh dramhaíl leictreach agus leictreonach in Iarscríbhinn II (catagóirí dramhaíola ar ghá aird ar leith a thabhairt orthu). Moltaí maidir le haicmiú dramhaíl leictreach agus leictreonach in Iarscríbhinn II agus VIII, d'fhéadfaí a áirithiú leo go mbainfear amach na cuspóirí thuasluaite i dtaca le ceann de na sruthanna dramhaíola is tromchúisí don chomhshaol agus don tsláinte, agus a bhfuil acmhainneacht an-ard leis chun rannchuidiú leis an ngeilleagar ciorclach.

Cuirtear chun feidhme forálacha an Choinbhinsiúin san Aontas trí bhíthin Threoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl, treoir a bhfuil in Iarscríbhinní I-II de liostaí d'oibríochtaí bainistithe dramhaíola a fhreagraíonn do Iarscríbhinn IV a ghabhann le Coinbhinsiún Basel, agus Rialachán (AE) Uimh 1013/2006, a rialaíonn allmhairí uaidh an Aontas agus onnmhairí chuige chomh maith le loingsithe idir na Ballstáit (Airteagal 1). Tá feidhm ag an treoir agus ag an rialachán freisin laistigh den Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (an 'LEE').

I gcás ina ghlacfar leasuithe d'Iarscríbhinní II agus VIII a ghabhann leis an gCoinbhinsiún níor mhór iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais agus go sonrach i dTreoir 2008/98/CE agus i Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006. D'fhéadfadh a bheith i gceist le modhnuithe le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, loingsithe laistigh den Aontas agus den LEE de chatagóirí nua dramhaíola in Iarscríbhinn II, go mbeidh na loingsithe seo faoi réir bearta nua rialaithe agus go mbeidh cosc ar onnmhairithe na dramhaíola sin go dtí tíortha nach tíortha ECFE iad. Cé go mbeadh an staid sin inmhianaithe de bharr na gcúiseanna thuasluaite i dtaca le honnmhairithe ón Aontas, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar neamh-inmhianaithe agus

achrannach maidir le loingsithe dramhaíola atá ceaptha le haghaidh athchúrsáil laistigh den Aontas agus lasmuigh de, óir bheadh siad faoi réir nósanna imeachta nua maidir le fógra a thabhairt. Tá na loingsithe sin faoi réir ceanglais cosanta comhshaoil cheana féin i reachtaíocht an Aontais maidir le dramhaíl agus dá dtabharfaí isteach nósanna imeachta nua riaracháin, d'fhéadfadh athchúrsáil san Aontas a bheith níos casta agus níos costasaí gan ach leas teoranta ó thaobh an chomhshaoil de dá thoradh.

D'fhonn an staid reatha a choinneáil ar bun laistigh den Aontas agus de LEE, i.e. gan córas rialaithe an Choinbhinsiúin, bheadh gá leis na forálacha a bhaineann leis a fhógairt do Rúnaíocht an Choinbhinsiún faoi Airteagal 11 den Choinbhinsiún agus gach beart is gá a dhéanamh faoi Chinneadh ECFE. Le hAirteagal 11 den Choinbhinsiún ceadaítear Páirtithe dul i gcomhaontuithe nó socruithe atá déthaobhach, iltaobhach nó réigiúnach maidir le gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola ar choinníoll go mbeidh na comhaontuithe nó na socruithe comhoiriúnach do bhainistiú dramhaíola atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de mar a cheanglaítear leis an gCoinbhinsiún. Leagfar síos sna comhaontuithe nó sna socruithe forálacha nach mbeidh níos lú fóntais leo ó thaobh an chomhshaoil de ná iad siúd a leagtar síos sa Choinbhinsiún go háirithe le leasanna na dtíortha atá i mbéal forbartha a thabhairt san áireamh. Rinneadh fógraí faoi Airteagal 11 i leith Chinneadh ECFE, mar shampla.

Dá bhrí sin, beartaítear leis an moladh seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle go ndéanfaidh an t-Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 11 den Choinbhinsiún, fógra a thabhairt faoi na forálacha a chuirtear i bhfeidhm maidir le loingsithe sna catagóirí nua dramhaíola laistigh den Aontas agus de LEE, a mhéid is go bhfuil difríocht idir na forálacha sin agus an gníomh atá beartaithe, agus sonraítear go bhfuil ár bhforálacha bunaithe ar chóras bainistithe atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de atá ag teacht leis an gCoinbhinsiún. Ní mór céimeanna a thabhairt chun Rúnaíocht ECFE a chur ar an eolas faoin staid thuasluaite de bharr na nasc idir leasuithe ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus cinneadh ECFE thuasluaite.

# 4. Bunús dlí

## 4.1. Bunús dlí nós imeachta

### 4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

### 4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht í Comhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel a bunaigh an Coinbhinsiún.

Gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis is ea an gníomh a ghlacann Comhdháil na bPáirtithe. Beidh an gníomh beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 18 den Chomhaontú. Beidh tionchar aige ar raon feidhme agus ar ábhar reachtaíochta an Aontais, is é sin Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 1013/2006. Cuireann an Treoir agus an Rialachán an Coinbhinsiún chun feidhme trí *inter alia*, liosta oibríochtaí bainistithe dramhaíola a leagan síos mar aon leis na nósanna imeachta maidir le hallmhairí ón Aontas agus onnmhairí isteach ann chomh maith le loingsithe idir na Ballstáit. Tá feidhm ag an Treoir agus an Rialachán laistigh de LEE. Nuair a leasófar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, níor mhór na leasuithe seo a chur i bhfeidhm sa Treoir agus sa Rialachán thuasluaite, cé is moite de na forálacha maidir le loingsithe dramhaíola laistigh den Aontas.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Choinbhinsiúin.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

4.2. Bunús substainteach dlí

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, is ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhraitheann sé go príomha, gníomh a bhfuiltear ag glacadh seasamh ina leith thar ceann an Aontais. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substainteach dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le cosaint an chomhshaoil.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús substainteach dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bhunús dlí don chinneadh arna mholadh.

2020/0167 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tograí a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Iarscríbhinn IV a ghabhann le Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt ag féachaint don 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe, agus maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh maidir le tograí Páirtithe eile chun Iarscríbhinn IV agus iarscríbhinní eile a leasú

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt (‘an Coinbhinsiún’) i bhfeidhm in 1992 agus thug an tAontas i gcrích é trí bhíthin Cinneadh ón gComhairle 93/98/CEE[6].

(2) Is le Rialachán (AE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] a chuirtear an Coinbhinsiún chun feidhme laistigh den Aontas. I dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl[8] tá liosta d’oibríochtaí bainistithe dramhaíola atá in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(3) De bhun Airteagal 15(5)(b) den Coinbhinsiún, déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe, de réir mar is gá, leasuithe ar an gCoinbhinsiún, agus ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis, a mheas agus a ghlacadh. Glacfar leasuithe ar an gCoinbhinsiún ag cruinniú de chuid Chomhdháil na bPáirtithe.

(4) Bunaithe ar thogra de bhun Airteagal 17-18 den Choinbhinsiún arna chur isteach ag an Aontas nó ag aon Pháirtí eile den Choinbhinsiún, d’fhéadfadh Comhdháil na bPáirtithe le linn a 15ú cruinniú i mí Iúil 2021, leasuithe ar Iarscríbhinní II, IV, VIII agus IX a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a mheas.

(5) Ba cheart don Aontas tograí a chur isteach chun Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú chun réamhrá ginearálta a chur isteach lena ndéanfar idirdhealú soiléir idir na téarmaí “diúscairt deiridh” agus “aisghabháil”, a shoiléiriú go gcumhdófar gach oibríocht bainistithe dramhaíola a tharlaíonn nó a d’fhéadfadh tarlú i

---

6 Cinneadh 93/98/CEE ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt (Coinbhinsiún Basel) (IO L 39, 16.2.1993, lch. 1).

7 Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola mar a leasaíodh é, IO L 190, 12.7.2006, lch. 1.

8 Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl, mar a leasaíodh í, IO L 312, 22.11.2008, lch. 3.

gcleachtas cibé stádas dlíthiúil atá aici agus cibé acu a mheastar nó nach meastar go bhfuil siad fónta ó thaobh an chomhshaoil de, agus freisin go gcumhdófar gach oibríocht a tharlaíonn roimh oibríochtaí eile ("oibríochtaí idirthréimhse"); teidil agus téacsanna réamhráiteacha a chur san áireamh lena mínítear cad go díreach atá i gceist le hoibríochtaí diúscartha deiridh (Iarscríbhinn IVA) oibríochtaí aisghabhála (Iarscríbhinn IVB); agus tuairiscithe na n-oibríochtaí a uasdátú agus a shoiléiriú i gcomhréir le forbairtí eolaíocha, teicniúla agus eile, forbairtí a tharla ó glacadh an Coinbhinsiún in 1989, agus chun áirithiú, trí bhíthin forálacha uileghabhálacha a thabhairt isteach, go gcumhdófar le ceanglais an Choinbhinsiúin gach oibríocht nach luaitear go sonrach.

(6) Na tuairiscí ar oibríochtaí bainistithe dramhaíola atá in Iarscríbhinn IV, tá siad ginearálta agus d'fhéadfadh siad leas a bhaint as tuilleadh soiléireachta. Ba cheart don Aontas tacú le forbairt fógraí míniúcháin nó forbairt threoir Chomhdháil na bPáirtithe d'fhonn soiléiriú breise a dhéanamh ar inneachar na n-oibríochtaí sin. Ba cheart míniúcháin agus samplaí de na hoibríochtaí a chumhdaítear a bheith sna nótaí nó sa treoir sin, agus níor cheart iad a chur san áireamh i dtéacs an Choinbhinsiúin.

(7) Tá cuspóirí ag na tograí thuasluaite chun a áirithiú go mbeidh sásraí rialaithe iomchuí an Choinbhinsiúin iomlán infheidhme, dá bhrí sin, dá nglacfaí iad, d'fheabhsódh siad rialuithe loingsithe dramhaíola; toirmeasc ar loingsithe neamhdhleathacha a éascú; soiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú agus tuiscint agus léirmhíniú coiteann a bhunú maidir le hoibríochtaí bainistithe dramhaíola na bPáirtithe; tacú le bainistiú dramhaíola atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de ar an leibhéal domhanda agus rannchuidiú leis an aistriú i dtreo geilleagair chiorclaigh dhomhanda.

(8) Ina theannta sin, ba cheart don Aontas tacú, i bprionsabal, le leasuithe a mholann Páirtithe sa Choinbhinsiún dá éis sin maidir le liosta d'oibríochtaí bainistithe dramhaíola in Iarscríbhinn IV, na hiontrálacha le haghaidh dramhaíl leictreach agus leictreonach atá faoi láthair in Iarscríbhinn VIII (A1180) agus IX (B1110) agus iontrálacha nua atá beartaithe le haghaidh dramhaíl den sórt sin in Iarscríbhinn II (catagóirí dramhaíola ar gá aird ar leith a thabhairt orthu), ar choinníoll go bhféadfadh siad na cuspóirí céanna a bhaint amach leis na cuspóirí atá laistiar de thogra an Aontais.

(9) Is iomchuí an seasamh a leagan amach atá le glacadh thar ceann an Aontais ag Comhdháil na bPáirtithe, de bharr go mbeidh an gníomh atá beartaithe (modhnú na nIarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún) ina cheanglas ar an Aontas agus go mbeidh tionchar aige ar raon feidhme agus ar inneachar dlí an Aontais, is é sin Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006.

(10) Is iomchuí an staid atá ann faoi láthair le haghaidh loingsithe dramhaíola leictrí agus leictreonaí neamhghuaisí laistigh den Aontas agus de LEE a choinneáil ar bun, agus dá bhrí sin gan an córas rialaithe a úsáid a eascraíonn ón bhféidearthacht go gcuirfear iontráil bhreise le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún le haghaidh loingsithe den sórt sin. Chuige sin, ba cheart don Aontas a mhéad is gá nósanna imeachta a leagtar amach i gCinneadh ECFE[9] agus an nós imeachta maidir le dul isteach i gcomhaontuithe nó socruithe atá déthaobhach, iltaobhach nó réigiúnach maidir le gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola guaiseach nó dramhaíl eile le Páirtithe

---

9 An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) Cinneadh ón gComhairle C(2001)107/FINAL) i dtaca le hathbhreithniú Chinneadh C(92)39/FINAL maidir le rialú gluaiseachtaí trasteorann dramhaíolacha ceaptha d'oibríochtaí aisghabhála ('Cinneadh ECFE')

nó iad siúd nach páirtithe iad i gcomhréir le hAirteagal 11 den Choinbhinsiún[10] chun a áirithiú nach bhforchuirtear rialú breise ar loingsithe dramhaíola neamhghuaisí laistigh den Aontas agus de LEE, de thoradh leasuithe ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel, saothróidh an tAontas na cuspóirí seo a leanas:

   (a) D'fhonn a áirithiú go mbeidh sásraí meicniúla an Choinbhinsiúin iomlán infheidhme, chun rialuithe loingsithe dramhaíola a fheabhsú agus chun toirmeasc loingsithe dramhaíola neamhdhleathacha a éascú;

   (b) D'fhonn soiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú chomh maith le tuiscint choiteann agus léirmhíniú coiteann ag na Páirtithe de na "hoibríochtaí diúscartha" a chumhdaítear faoi Iarscríbhinn IV;

   (c) D'fhonn tacú le bainistiú dramhaíola atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de ar an leibhéal domhanda agus rannchuidiú leis an aistriú i dtreo geilleagair chiorclaigh dhomhanda.

2. Ag féachaint don chúigiú cruinniú dhéag de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel, agus chun na cuspóirí a liostaítear i mír 1 a bhaint amach, déanfaidh an tAontas na tograí seo a leanas a thíolacadh:

   (a) Iarscríbhinn IV a leasú chun réamhrá ginearálta a chur isteach lena ndéanfar idirdhealú soiléir idir na téarmaí "diúscairt deiridh" agus "aisghabháil", soiléiriú a dhéanamh go gcumhdófar gach oibríocht bainistithe dramhaíola a tharlaíonn nó a d'fhéadfadh tarlú i gcleachtas cibé stádas dlíthiúil atá aici agus cibé acu a mheastar nó nach meastar go bhfuil siad fónta ó thaobh an chomhshaoil de, agus freisin go gcumhdófar gach oibríocht a tharlaíonn roimh oibríochtaí eile ("oibríochtaí idirthréimhse").

   (b) Iarscríbhinn IV a leasú chun teidil agus téacsanna réamhráiteacha a chur san áireamh ina mbeidh míniú ar an gciall atá le hoibríochtaí diúscartha deiridh (Iarscríbhinn IVA) agus oibríochtaí aisghabhála (Iarscríbhinn IVB), agus

   (c) Tuairiscí na n-oibríochtaí in Iarscríbhinn IV a uasdátú agus a shoiléiriú i gcomhréir le forbairtí eolaíocha, teicniúla agus eile, forbairtí a tharla ó glacadh an Coinbhinsiún in 1989, agus, trí fhorálacha uileghabhálacha a thabhairt isteach in Iarscríbhinn IV, go gcumhdófar le ceanglais an Choinbhinsiúin gach oibríocht nach luaitear go sonrach.

3. I gceangal leis an gCinneadh seo tá togra mionsonraithe de réir míreanna a) go dtí c) thuasluaite. Cuirfidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an togra seo in iúl do Rúnaíocht an Choinbhinsiúin.

4. Tacóidh an tAontas leis an smaoineamh go bhforbróidh Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún nótaí míniúcháin nó treoir chun soiléiriú breise a thabhairt faoi

---

[10] Tabhair do d'aire go bhfuil an tAontas chun tosaigh le húsáid an nós imeachta faoi Airteagal 11 de Choinbhinsiún Basel, dá bharr sin b'fhéidir nach mbeadh gá lena lua sa Chinneadh seo ón gComhairle.

inneachar na n-oibríochtaí diúscartha in Iarscríbhinn IV. Ní chuirfear na nótaí míniúcháin ná an treoir sin sa Choinbhinsiún féin.

*Airteagal 2*

D'fhéadfadh an tAontas tacú le leasuithe a mholann Páirtithe eile sa Choinbhinsiún maidir leis na nithe seo a leanas:

1. liosta na n-oibríochtaí bainistithe dramhaíola in Iarscríbhinn IV;
2. na hiontrálacha le haghaidh dramhaíl leictreach agus leictreonach atá faoi láthair in Iarscríbhinn VIII (A1180) agus IX (B1110); agus
3. iontrálacha nua-mholta le haghaidh dramhaíl leictreach nó leictreonach in Iarscríbhinn II (catagóirí dramhaíola ar ghá aird ar leith a thabhairt orthu),

ar choinníoll go rannchuidíonn siad le cuspóirí an Aontais a bhaint amach mar a liostaítear iad in Airteagal 1(1).

*Airteagal 3*

D'fhéadfaí mhionchoigeartú ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 a chomhaontú, i bhfianaise forbairtí ag an 15ú cruinniú de Comhdháil na bPáirtithe, idir ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair, gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 4*

I gcás ina leasófar na Iarscríbhinní ábhartha a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ag an 15ú cruinniú an Comhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel, déanfaidh an tAontas, a mhéad is gá, na bearta is gá faoi Chinneadh ECFE agus Airteagal 11 den Choinbhinsiún[11] chun a áirithiú nach n-athraítear na rialuithe reatha maidir le loingsithe dramhaíola neamhghuaisí laistigh den Aontas agus de LEE.

*Airteagal 5*

Tá an Cinneadh seo dírithe ar an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[11] Féach fonóta 10